

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	F1
Ainm an Agallaí	Padaí Bán Mac Ruairí
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	19/10/2006
Súiomh an Agallaimh	Leitir Catha, Croithlí
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)**(sos)**

(--) Tosach lochtach

' _____ ' Focal dothuigthe

' _____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe

.... Beirt ag caint ag an am amháin

[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Ar an chlár seo, tá sibh ag gabháil a bheith ag éisteacht le PadaíBán Mac Ruairí as Leitir Catha agus a Phadaí, is iomaí píosa le déanamh againn. Dhéanfaidh muid léir treabhadh inniu ach tosóidh muid, tosóidh muid a Phadaíle do dhaoine muinteartha féin anseo agus do theaghlaigh féin as Leitir Catha. An dtiocfadh leat an stair sin a thabhairt domh, le do thoil?

PADAÍ: Bhuel, tháinig m'athair ar an tsaol in sa teach seo ina bhfuil muid ann anois, ach ní tháinig mo mháthair, tháinig sí as an darna baile thoir ansin agus pósadh iad i ndiaidh m'athair a theacht as an arm chéad chogaidh, bhí sé ann i rith an ama in san chéad chogadh go dtí go raibh sé 1919 nuair a tháinig sé amach as an arm agus pósadh é san am sin agus chuaigh sé, thóg sé an teaghlaigh anseo, bhí sé cosúil leis na fir uilig go léir thart anseo, bhí siad ag gabháil anonn agus anall go hAlbain, dhéanfadh siad an tEarrach agus rachadh siad anonn fá choinne an Fhómhair agus nuair a bheadh an Fómhair thart, b'fhéidir go bhfaigheadh siad tornapaí le tarraingt agus nuair a bheadh sin déanta, bhuel bhí an t-am acu a theacht na bhaile, bhí rudaí le déanamh sa bhaile, agus sin mar a bhí an saol anseo agus bhí am crua acu ach ní raibh sé a leath chomh crua agus a bhí sé ag an mhuintir a tháinig rompu. Nach b'éigean daofasan, na páistí a ghabháil amach an Lagáin ach chuaigh m'athair amach an Lagáin i gceann na naoi mbliana agus níl agat ach smaoineamh ar pháistí anois, tá siad ar shiúl ar ghreim láimhe leofa anois ag naoi mbliana

agus níl siad ábalta a dhath ar bith a dhéanamh, agus bhí acu le amharc i ndiaidh eallaigh agus obair a dhéanamh ar an Lagán, nach má mbeadh siad ábalta a dhéanamh, ní choinnítí iad. Agus sin mar a bhí an saol anseo.

DÓNALL: Sin mar a bhí na saol. A Phadaí, tá muintearas agat istigh ar Oileán Treorach a dúirt tú festa, bhí, an bhfuil tú ábalta an stair sin a thabhairt domh faoin oiléán, festa a Phadaí?

PADAÍ: Tá, tá. B'as an Oileán Treorach a tháinig m'athair mórsa, Cathal 'ac (Mac) Ruairí a bhí air, agus bhí, aon, dó trí, bhí triúr deartháireacha aige, ceathair deartháireacha aige, agus bhí seisean anonn agus anall go hAlbain festa, tháinig seisean a chónaí anseo i ndiaidh a phósta agus bhí mo mháthair mhór ann agus mo gharmháthair mhór ina gcónaí anseo san am. Fuair mo gharathair mór, fuair seisean bás óg ach chuaigh, bhí sé anonn agus anall go hAlbain agus rinneadh é a dhúnmharú taobh amuigh de Dhún Éadain in áit, níl mé ábalta smaoineamh ar an ainm a bhí ar an áit, ach rinneadh é a dhúnmharú ansin agus tá sé curtha in Albain taobh amuigh de Dhún Éadain.

DÓNALL: Agus ar cúisíodh aon duine ariamh as sin a Phadaí?

PADAÍ: Caide a dúirt tú?

DÓNALL: Ar beireadh ar aon duine, ar cúisíodh aon duine as sin?

PADAÍ: Níor beireadh, agus níor dhearnadh a dhath ar bith fá dtaobh de ar chor ar bith. Bhítear den bharúil go raibh a fhios ag fear amháin cé a rinne é ná bhí seisean ag caint leis sular bhfuair sé bás. Fear a bhí thall ansin, Séamus Ó Gallchóir agus ceistíodh minic go leor é ach níor inis sé ariamh go raibh a fhios aige a dhath ar bith agus b'fhearr do gan fios a bheith aige air ná gan a dhath a inse ná ní raibh sin ag gabháil a dhéanamh maith ar bith, ní bheadh ann ach trioblóid. Agus ní raibh sin ag gabháil a thabhairt an t-é a bhí marbh, ní raibh sé ag gabháil a thabhairt ar ais é.

DÓNALL: So, sin sin. Anois a Phadaí, inis domh anois fá Leitir Catha a bheirtear ar seo a Phadaí. Inis domh stair Leitir Catha, troideadh cath ann, ar troideadh?

PADAÍ: Troideadh, troideadh cath thíos ag Clasaí na gCnámha agus tá sruthán ag gabháil síos idir cuid caoráin Leitir Catha agus Loch an Iúir agus caithfidh sé go raibh cnámha thart ansin i ndiaidh an chatha nuair a baisteadh Clasaí na gCnámh ar sin agus ba sin Clann tSuibhne agus Clann Uí Dhomhnaill a throid an cath ansin. Bhí Clann tSuibhne, bhí siadsan thíos an oíche roimhe ré i méadú na slua agus tháinig siad aníos ar maidin agus casadh an dá dhream ar a chéile agus throid siad ag Clasaí na gCnámh agus fear de Chlann tSuibhne, de na ceannfoirt, thug seisean iarraidh teitheadh nuair a chonaic sé go raibh siad ag cailleadh agus thusas ar Thulaigh an Leachta, sin an áit a bhfuil na chéad tithe i Loch an Iúir, ag gabháil síos ó Mhín na Marach. Maraíodh thusas ansin é agus cuireadh é agus caitheadh clocha ina mhullach agus sin an tuige baisteadh an leachta ar sin, Tulaigh an Leachta thusas ansin.

DÓNALL: Anois, sin píosa maith staire. Anois, muid ag caint ar Leitir Catha a Phadaí, inis domh fá na chéad daoine anseo.

PADAÍ: Bhuel an dream dá bhfuil fhios agamsa a tháinig anseo, an chéad dream. Bhí siad ina gcónaí thiar ansin cóngarach don abhainn, bhí teach beag thiar ansin acu agus tá sin ag gabháil ar gcúl tamall mór fada, *Bells* a bhí orthu agus ansin bhí dream eile den dream chéanna ar an taobh thall den abhainn agus bhí siadsan ina gcónaí ansin. Agus, bhuel in am m'uncail, tháinig seisean ar an tsaol thart fá 1878 agus nuair a bhí seisean ina ghasúr, bhí teach beag thiar ansin ag an abhainn agus bhí sé ina shíbín acu in san am sin, sin ag déanamh poitín ach níl cloch de sin ina sheasamh anois.

DÓNALL: Anois, a Phadaí, an bhfeiceann tú anois, muintir na *Bells* seo a bhí tú ag rá. An bhfuil tú den bharúil go dtáinig siad ar ais anseo ina gcónaí in am Phlandáil Uladh ná?

PADAÍ: Bhuel sin rud nach bhfuil a fhios agam. Níl a fhios agam cár dtáinig siad as ar chor ar bith ach chuaigh siad síos go Croithlí agus bhí teaghlaigh ina gcónaí thíos ansin ach ní *Bells* a bhí orthu ansin, ba, níl mé ábalta smaoineamh ar an ainm, *McVeigh*, aye.

DÓNALL: Ó, sea.

PADAÍ: Ba sin an t-ainm a bhí orthu nuair a bhog siad síos ansin go Croithlí ach níl mé ag déanamh go bhfuil aon duine acu sin fágtha ansinanois. Ba ‘_____’ de Mhín Uí Bhaoill a raibh siad ina gcónaí.

DÓNALL: Ach ag an am chéanna a Phadaí, caithfidh, smaoineoinn go mór, istigh in Clasaí na gCnoic anseo, déarfainn gur theith daoine am an Phlandáil Uladh agus rud mar sin? Sin mo bharúil de.

PADAÍ: Bhuel, tháinig daoine as thoir, thoir Gleann Bheatha, tháinig siad go dtí thoir Mín Uí Bhaoill agus is cosúil gur Baoilligh a ba mhó a bhí ann ach na mná a bhí ann, ní raibh na fir ann ar chor ar bith. B'éigean do na fir teitheadh, bhí cíos le díol acu, dá mbeirtí orthu gheobhadh siad na príosún agus tháinig na mná anoir ansin agus chuaigh siad a chónaí i Mín Uí Bhaoill agus tháinig bean amháin acu isteach níos cóngaraí dá na tithe thoir ansin agus thóg sí bothóg ann, bothóg Mháire Ní Bhaoill a bhí air. Agus thusas anseo ar an taobh eile, bhí bean eile ann, Brigid a bhí uirthi agus níl a fhios agam caide an sloinneadh a bhí uirthi ach bhí bothóg aicise thiar ar an chaorán Leitir Catha anseo. Bhí sé déanta suas in éadan binn a bhí ag seasamh aníos in sa chaorán agus bhí an bothóg ansin aici agus i ndiaidh seal blianta pósadh í ar Neoidín Ó Dóráin é, agus tháinig sí aniar a chónaí go dtí teach a thóg siad thusas ansin ag taobh an bhealaigh mhóir, níl a dhath de, mórán de fágtha ina sheasamhanois, tá na. Óní fhaca mise ariamh ceann air. Tá sé ina gharadh anois agus tá sé thusas ansin ar thaobh an bhealaigh mhóir.

DÓNALL: Anois, tá scéal suimiúil eile agat agus scéal fada atá ann a Phadaí, ach tosóidh muid, tosaíonn sé le Máire an Chlocháin Liath ach cuirfidh tú ceart mé, ní as an Chlochán Liath Máire ar chor ar bith ach ba as Leitir Catha anseo í.

PADAÍ: Leitir Catha agus b'an t-amhrán mo Mháire dheas don Chlochán Liath, sin cóngarach don Chlochán Liath, ba sin an sean amhrán agus bhí trí véarsa dhéag ann ach tá sé gearrtha gairid anois agus níl ann ach cúpla véarsa anois agus tá cuid mhaith den

tsean amhrán gearrtha amach as agus b'as trasna an bhealaigh mhóir an teach ar tógadh Máire ann agus an teach ar dtainig sí ar an tsaol a b'is a máthair, Áine Ní Dhóráin a bhí uirthi, ba sin iníon Bhrigide agus iníon Neoidín. Ba as thiar Mhín Mhór, sin tuairim 's ar trí mhíle ó thuaidh ón Chlochán Liath a dtainig Padaí Bhrianaí Ruaidh as agus nuair a pósadh é féin agus Anna, thóg seisean teach thuas ansin agus rinne siad cónaí ansin agus bhí triúr cailíní ann agus beirt stócach agus fuair máthair Mháire, fuair Anna, fuair sí bás, fuair sí bás in 1862 agus cuireadh ise thíos i gCionn Caslach agus b'é an réasún ar cuireadh ise thíos ansin siocair gur sin an paróiste ar b'as Padaí Bhrianaí Ruaidh agus tá an bheirt acu curtha thíos i gCionn Caslach agus sé an gléas le iad a thabhairt, na coirp a thabhairt san am sin, iad a bheith iompaithe agus bhíodh striocáidí adhmaid acu agus chuireadh siad faoin chonair é agus cheanglaíodh siad le súgáiní iad, sin na rópaí a bhíodh acu agus cheanglaíodh siad le súgáin iad, na striocáidí adhmaid seo agus d'iompraíodh fir ar a *dturn* an chonair go dtí go mbeadh an chonair thíos ag an uaidh agus bhí cuid mhór daoine ina gcónaí thart anseo in san am ach ní raibh ann ach an duine amháin a bhí áblata an chonair a cheangal agus dhéanfadh an ceangal sin gnoithe go mbeadh sí ag mbonn an rása agus ba sin fear as an Oileán Treorach ach níor cuireadh eisean thíos ansin, cuireadh eisean ar an Chlochán Liath nuair a tháinig a amsan agus tháinig iníon Phadaí Bhrianaí Ruaidh, tháinig sise anall as Nua Shéalainn in 1908, mí Iúil a bhí ann agus chuir sise cloch cinn ar a hathair agus a máthair agus tá an chloch cinn sin ansin go maith agus a bhí sé an lá a chur sé suas ach leis an aois agus leis an aimsir gur thit an chrois di ach tá an chuid eile di ansin go fóill agus tá an scríobh ann mar a bhí sé an lá a cuireadh suas í agus ba sin 1908 a tharla sin. Tháinig sí féin agus an bhean as Mín a Craobh a bhí pósta ar a deartháir, Máire Ní Dhomhnaill a bhí uirthise sular pósadh í ar Eoghan Ó Gallchóir agus tháinig an bheirt acu anall agus ba sin an t-aon mhuintir a tháinig anall go dtí tá roinnt blianta ó shin den dream, a d'imigh, tháinig daoine a bhí muinteartha daofa anall tá taidhfíl blianta ó shin agus sin an dóigh a bhfuair muid aithne agus eolas orthu, iad ag teacht anall anseo, ag amharc ar an tsean áit agus caithfidh sé gur shíl siad cuid mhór den tsean áit nó sé'n rud a bhí a dhíobháil ar Eoghan nuair a rachadh siad anonn, fód móna a thabhairt anonn aige as an áit i Leitir Catha ar chónaí siad ann agus rinne siad sin agus cuireadh píosa den fhód na móna faoi chloigeann na máthara nuair a fuair sí, cloigeann bean Eoghain nuair a fuair sí bás agus rinneadh an chuid eile de a choinneáil go dtí gur cuireadh faoi chloigeann Eoghain é le cur in san uaigh nuair a fuair seisean bás.

DÓNALL: Anois, go ar aghaidh agus inis domh thuilleadh fá Mháire í féin, a Phadaí.

PADAÍ: Bhuel, Máire an bhean a b'óige den teaghlaigh, bhí beirt eile níos sine ná ise agus nuair a tháinig sise go haois ghabháil ag obair, chuaigh sí ag obair istigh ar an Chlochán Liath, ag Clann Uí Dhomhnaill, bhí dhá theach tabhairne acu, ceann ar achan taobh den tsráid acu, agus bhí sí ag obair ansin ina seirbhíseach idir an dá theach agus sin an áit ar bhual sí suas le fear de chuid pólíní na Sasana, bhí siad thart anseo in san am sin agus ba mhaith leis í a phósadh ach ghlacfaidh sise cead a fháil óna hathair, bhí a máthair marbh in san am seo agus chuir sí i gcead a hathar é agus ní raibh a dhath ar bith ag a hathair in éadan an fhir ar chor ar bith ach an obair a bhí sé ag déanamh, bhí sé ag déanamh dá dtabharfadh sé cead dona iníon pósadh go mbeadh muintir na háite in éadan agus níor thug sé cead di agus d'imigh seisean as an áit, níl a fhios cá deachaigh sé, cé acu go Meiriceá a chuaigh sé nó cé acu ar ais a chuaigh sé go Sasana ach níl mórán iomrá airsean agus níor canadh in mo amsa mórán fá dtaobh den fhear ach gur fear de na pólíní a bhí ann, gur as Sasain é ach an leabhair a raibh cuid mhór scríbhneoireachta ag deirfiúr Mháire ann, bhí, *Robert Goldings*, bhí sé ainmnithe traidhfil iarrachtaí ach ní rabhthar ábalta a dhéanamh amach caidé an dóigh ar dtáinig an *Robert Goldings* seo isteach sa scéal acu ar chor ar bith ach bhí siad den bharúil gur bhféidir gur sin an stócach a bhí iallach ar Máire a phósadh ach níor pósadh í agus bhí neas imirce gabháil go Nua Shéalainn in san am, bhí sé saor le ghabháil. Níl a fhios agam caidé an dóigh ar dtáinig siad go dtí an airgead seo ach in sa tsean airgead, trí scilling déag agus an phingin déag a bhí an phasáid, iomlán pasáide ach bhí sé ceathracha agus a hocht punta dá mbeadh duine ag díol ar shon a phasáid féin agus ní rabhthar ag baint a dhath ar bith fá choinne páistí. Ach bhí an '_____ ' fada, bhí deirfiúr Mháire, Anna agus Eoghan, a deartháir, Eoghan, bhí siadsan ag imeacht go Nua Shéalainn agus chuaigh Máire leofa, níl a fhios cé acu a deachaigh sí in éadán a tola ná cé acu a deachaigh sí ar a dheontaí féin agus níl maith d'aon duine smaoineamh go bhfuil a fhios acu caidé a tharla nó níl a fhios ach d'imigh sí ar scor ar bith agus ní thiocfaidh leis go raibh briseadh croí mór ar bith uirthi fá dtaobh den fhear nach bhfaigheadh sí cead a phósadh ná bhual sí suas le stócach eile ar an bhád

BRISEADH – FÓN

PADAÍ: Is é an bád a deachaigh siad amach air as Sasain, bád darbh ainm *Orarius*, agus an fear seo ar bhual sí suas leis ar an bhád, b'as Contae an Chláir é, bhí sé naoi mbliana déag (19) d'aois agus bhí seisean ag gabháil go Nua Shéalaínn fosta agus chuaigh siad amach go Nua Shéalaínn i gcuideachta a chéile ar an bhád agus choinnigh siad i dteagmháil lena chéile i ndiaidh a ghabháil amach agus casadh ar a chéile iad ar ais agus pósadh iad agus chuaigh siad a chónaí in *Gisborne*, Nua Shéalaínn agus bhí sise ina seirbhíseach amuigh ansin fosta go dtí gur dtáinig an chéad duine den teaghlaach ar an tsaol, ba gasúr a bhí ann agus tháinig sé ar an tsaol in 1878 a tháinig sé ar an tsaol agus chuaigh sise isteach i ndroch shláinte i ndiaidh an páiste a bheith ann agus ina gcúpla mí, fuair sise bás, fuair sí bás ar an 15 Nollag 1878 agus bhí an fear ag amharc i ndiaidh an pháiste san oíche agus bhí duine de na comharsan ag amharc i ndiaidh an pháiste sa lá do a fhad agus a bhí seisean ag obair ach nach deachaigh an páiste a ghéilleadh agus cuireadh isteach in otharlann páiste é, otharlann a bhí fá choinne páistí agus taobh istigh de cheithre lá, fuair an páiste bás agus cuireadh an páiste i gcuideachta na máthara in sa reilig *Patacarra* atá ar an áit a bhfuil siad curtha agus tá sí curtha thíos ag taobh na habhann. Ní raibh cloch cinn ar bith ar an, ar an uaigh ná má bhí, bhí sé tugtha ar shiúl le tuille, ba ghnách leis an uisce éirigh ansin ach níl sé ag éiri anois ná glanadh an abhainn níos faide síos agus níl sé ag éiri níos mó ach bhí cuid mhór de na clocha cinne a bhí ansin agus atá ansin, tá siad briste agus cuid acu leagtha leis an tuille. Agus fuair mise téip, *video* tá roinnt blianta ó shin, ag taispeáint an áit a raibh siad curtha in Nua Shéalaínn, an mhuintir a chuaigh amach as an áit seo agus ceann a taispeánadh domh fá dtaobh de Mháire, ní raibh cloch cinn ar bith uirthise, ní raibh ann ach traidhfil clocha caite i mullach na huaighe agus mheas mé nach raibh sé mar is cóir dá bhean a raibh oiread cainte fá dtaobh di, oiread ceolta fá dtaobh di agus go raibh feis an Chlochán Liath déanta as a hainm, gur chóir daofa rud inteacht ní b'fhearr ná sin a dhéanamh agus labhair mé leis an fhear as Gaillimh a bhí ag amharc i ndiaidh na feise tá roinnt blianta ó shin agus dúirt sé liom go raibh sé mall anois ach go bhfiachfadhb siad le rud ínteacht a dhéanamh ar an darna bliain. Labhair mé leis an darna bliain, is é an rud a dúirt sé liom nach raibh airgead ar bith acu agus chuir sin deireadh le sin. Bhí mé ag caint le stócach eile as an Chlochán Liath agus chuir mé ceist air an rachadh sé in mo chuideachta agus damhsaí a choinneáil in sa óstán fá choinne airgead a chruinniú fá choinne tomba a chur ar Mháire agus dúirt sé

go ndéanfadh sé ní b'fhearr ná sin, go rabhthar ag cóiriú sean teach an phobail anois, go raibh rud inteacht aigesan le déanamh leis, go mbeadh neart airgid fágtha ina dhiaidh sin agus go gcuirfeadh siad tomba uirthi. Nuair a tháinig an darna bliain agus teach an phobail cóirithe suas, casadh orm cúpla uair é ach níor fhan sé i bhfad agam ach mheas mé go raibh sé ag coinneáil amach as mo chasán agus níor *bhothar*/mé leis ní ba mhó ach rinne mé suas mo intinn go rachainn féin thart ar na tithe tabhairne agus lucht na siopaí ar an Chlochán Liath agus go gcuirfinn ceist orthu an ndíolfadh siad air. Dúirt siad go ndíolfadh cinnte agus bhí deireadh ach cúpla duine nár dhíol a dhath ar bith agus bhí mé súrálte go ndíolfadh siadsan nuair a bhí siad ag déanamh iontach maith ar feis an Chlochán Liath ach fuair mé an tairgead a chruinniú ar scor ar bith agus fuair mé oiread a chruinniú agus a rinne an tomba a chur uirthi. Bhí cailín as Nua Shéalaínn abhus anseo ná duine den dream í, tá sí ina bean rialta agus chuir mé ceist uirthise an ndéanfadh sise amharc ina dhiaidh domh agus an cloch cinn a chur suas agus dúirt sí go ndéanfadh ach nuair a chuir mise scéala aici go Baile Átha Cliath go raibh 450Euro cruinnithe agam, ó, dúirt sí nár chóir domh a dhath ar bith a chruinniú, go gcaithfinn cead a fháil. Shíl mise go raibh sé cosúil le istigh anseo, go dtiocfadh leat cloch cinn a chur suas am ar bith a fhad agus gur ar do thomba, do uaigh féin a bhí tú a chur suas agus b'éigean dúinn cead a fháil ó Chomhairle na Contae i *Gisborne* fá choinne tomba a chur suas agus nuair a bhí sin déanta fuarthas an tomba déanta agus ba mise a scríobh amach caidé a ba mhaith liom a bheith curtha ar an tomba agus thug sise léi é nuair a bhí sí ag imeacht go Nua Shéalaínn agus chur sí scéala chugamsa nuair a bhí an obair déanta ar mhaith liom a ghabháil amach go dtí go mbeinn ansin i láthair go gcoisreactaí an uaigh agus an tomba agus rinne mise suas m'intinn go rachainn agus d'imigh mise amach. Tá daoine muinteartha agam amuigh ansin de dhream Mháire an Chlochán Liath iad agus bhí mé ag stopadh acusan agus bhí scaifte maith cruinnithe an lá a bhí an tomba a nochtadh, bhí tuairim 's ar trí scor ansin agus bhí iontas orm, bhí cúpla duine as Dún na nGall anseo. Bhí fear as thuas na Frása ann agus bhí fear as Béal Átha Seanaidh ann, é féin agus cailín agus bhí cúpla duine eile a casadh orm ina dhiaidh sin a dúirt liom dá mbeadh a fhios acu go raibh a leithéid ag tarlú, go mbeadh siadsan aige fosta. Agus sin mar a, gnoithe an tomba, mar a chuaigh an tomba suas.

DÓNALL: Ach chuaigh tú féin amach a Phadaíagus chaith tú cúpla seachtain amuigh?

PADAÍ: Chaith mé mí amuigh.

DÓNALL: Mí.

PADAÍ: Mí.

DÓNALL: Nach maith tú.

PADAÍ: Bhí am maith agam, bhí mé in sa dá oiléán, agus d'amharc siad i mo dhiaidh iontach maith agus bhí mé iontach sásta leis an dóigh ar éirigh liom. Agus thaispeáin siad thart deireadh a dtiocfadhl leofa. Chaith fear acu a chuid laetha saoire ag gabháil thart liom i ngluaisteán agus bhí stócach eile, ní raibh seisean ag obair agus bhí seisean a mo thiomáint thart agus bhí, bhí an bhean rialta, chuaigh sise liom lá nó beirt agus bhí beirt eile bhan, chuaigh siadsan thart liom fostá. Bhí bean acu, bhí sí ag obair ag an, déanamh an fíon agus chuaigh sise thart liom, ag taispeáint an áit a raibh na háiteacha seo fá choinne an fíon a dhéanamh agus caidé mar a bhí sé déanta agus thaitin sé go mór liom an dóigh a raibh rudaí déanta ansin agus é, áiteacha coinnithe go hiontach maith.

DÓNALL: Agus chuaigh léir daoine as Leitir Catha amach a chónaí ansin?

PADAÍ: Bhuel an teaghlaigh amháin a chuaigh amach as thuas ansin. Chuaigh Eoghan agus Mánas amach, bhuel ní dheachaigh Mánas amach i dtús ama, chuaigh seisean go Meiriceá agus chuaigh sé isteach i ndroch shláinte i Meiriceá agus d'fhág sé Meiriceá agus chuaigh sé go Nua Shéalaínn. Bhí sé ag déanamh go mbeadh an aimsir agus an áit ní ba teo ansin agus go bhfóirfeadh sé do, bhí sé ag géilleadh agus chuaigh seisean amach ach ní raibh a shaolsan fada. Fuair seisean bás ag 37 ach sular bhfuair sé bás rinne sé féin agus a dheardáir, Eoghan, rinne siad teach ósta a chur suas agus bhí an teach sin acu go dtí gur dódh go talamh é i ndiaidh Mánas bás a fháil. Bhí Eoghan ag amharc i ndiaidh na háite, ní raibh léann ar bith aigesan ar dhóigh ar bith ach fuair sé fear le léann a thabhairt do agus foghlaim agus bhí sé ábalta an teach ósta a reáchtáil é féin ina dhiaidh sin agus rinne siad gnoithe iontach maith ann agus tá an talamh a raibh sé tógtha air, tá sé ansin agus níor tógadh a dhath air go fóill ach tógadh teach ósta fá chúpla slat do, den chineál

chéanna, ar an dóigh chéanna a raibh sé, a raibh an ceann eile tógtha agus tá pictiúr crochta istigh, cé acu atá sé in sa dlíodh an dóigh a ceannaíodh an áit go raibh an pictiúr an tsean teach ósta le bheith fágtha nó caidé mar a bhí, tá sé crochta istigh ann, in sa teach ósta atá tógtha ansinanois.

DÓNALL: Anois a Phadaí. Bhuelanois agus tú ag caint ar nochtadh an leacht sin a Phadaí, ba bhreá liom dá dtaispeánfá an pictiúr deas atá agat ansin a thaispeáin tú domh níos luaithe, duit féin ag an leacht agus an lá a nochtadh an leacht.

[Tógaí Padaí suas an pictiúr lena thaispeáint.]

PADAÍ: Sin an lá a nochtadh, a nochtadh an cloch cinn amuigh i Nua Shéalainn in *Takara* in sa reilig. Agus ba sin é agus an bhean atá ag mo thaobhsa, sin bean rialta, de dhream Mháire an Chlochán Liath, ise agus bean atá ar an taobh eile díthe, sin bean eile den dream agus an fear, den dream eisean fostach gur Mac Ruairí atá airsean. Bhí a athair mórsan, b'as Oileán Treorach a tháinig a athair mórsan agus chuaigh sé amach ansin.

DÓNALL: Anois, sin pictiúr ar dóigh a Phadaí.

PADAÍ: Bhuel.

DÓNALL: Ba mhaith liom dá rachfá ar ais a Phadaí ag caint ar Mháire arís nuair a bheadh sí ag siúl na Chlochán Liath nuair a bhí sí ag obair ar an Chlochán Liath. Bhí fear ansin a bheadh ag obair, tógálaí a bhí ann, a dúirt tú agus chífeadh sé Máire achan lá agus b'é a scríobh an t-amhrán. Inis domh an scéal sin a Phadaí.

PADAÍ: Bhuel, ba seo saor cloiche as an bhaile seo. Bhí sé tuairim is ar trí nó ceathair chéadta slat ina chónaí thíos ó theach Mháire agus bhí sé ina shaor cloiche agus saor cloiche maith a bhí ann nó tá a chuid oibre le feiceáil go fóill, ina sheasamh agus é chomh maith agus a bhí sé an lá a thóg sé é. Ach bhí sé ag tógáil tighe do chlann Uí Dhomhnaill thiartar ar an Tulaigh agus ba sin an t-am a chum seisean an t-amhrán "Mo Mháire dheas don Chlochán Liath". Sin an t-am a d'imigh Máire in 1876 go Nua Shéalainn agus ba sin

an t-am a chum seisean an t-amhrán agus bhí an t-amhrán thart anseo blianta agus bhí fear thíos anseo nuair a bheadh sé ag obair, go háirid nuair a bheadh sé ag cur ail ar mhóin agus muid ag tarraingt isteach na móna i gceann an cléibh, bheadh sé ag dándarnacht leis leis féin ach ní chluinfeá móran caidé a bhí sé ag rá go dtí go dtiocfad sé go dtí deireadh an véarsa “mo Mháire dheas don Chlochán Liath”, bhí sin, ba sin an deireadh an véarsa. Agus bhí fear eile thiar in Mín na Marach, Mícheál Ó Rabhartaigh a bhí air agus bhí a iníon ag imeacht go Meiriceá agus ní raibh a fhios móran fá dtaobh de na téipí anseo san am agus nach raibh, bhí sise i Meiriceá roimhe sin agus tháinig sí na bhaile agus bhí ceann de na téipí seo léithe. Leis, comhrá a chluinsteán agus ceol agus cheol sé an t-amhrán dithi agus thug sise léithe go Meiriceá é. Bhí mise ag cur seanchais fá dtaobh den tsean amhrán ach níl téipe agus níl a fhios ag duine ar bith an sean amhrán, bhí mé rud beag rómhall ag gabháil ag amharc fá dtaobh de. Bhí bean thusa i gCráithí, a raibh a fhios aicise an t-amhrán agus ba ghnách léithe é a cheol ach nuair a fuair mise amach é.

DÓNALL: Bhí sé mall.

PADAÍ: Ní raibh, ní raibh sise go maith san am agus bhí mé rómhall.

DÓNALL: Cailleadh an t-amhrán a Phadaí.

PADAÍ: Agus cailleadh an t-amhrán iomlán ach. B'i mbéarla a bhí agus bhí sé, na focla deireannach den amhrán “I'll never deny my Mary near Dungloe”.

DÓNALL: Anois.

PADAÍ: Ba sin an.

DÓNALL: Ba sin an scéal.

PADAÍ: Sin an críochnadh a bhí ar an amhrán.

DÓNALL: Bhí sin go maith. A Phadaí, rachaidh muid ar ais ag teach Mháire í féin, in Leitir Cath, tá scéal agat fá, bheadh siad ag ceannacht earraí ar an Chlochán Liath, inis an scéal sin domh.

PADAÍ: Bhí. Bhí siopa ag athair Mháire, ag Padaí Bhrianaí Ruaidh, siopa beag aige agus bhí sé ag fáil earraí amach as stór ar an Chlochán Liath agus ní raibh an t-airgead fairsing amuigh san áit seo in san am nó ní raibh sé fairsing in áit ar bith thart in san chontae agus, an dóigh a ndíoltaí, cibé a bhí le tabhairt le díol sna siopaí nuair a b'fhéidir dhíoladh siad ceann eallaigh nó nuair a thiocfadh páiste na bhaile as an Lagán agus scillingí leofa rachadh sin un tsiopa go dtí go ndíoltaí ar shon na n-earraí, earraí a bhí faighe acu agus an dóigh chéanna nuair a thiocfadh siad, na fir as Albain bheadh rud beag airgid leofa agus bhí sé beag, an rud beag a bhí leofa agus sin mar a bhí sé ag gabháil. Ach fear an tsiopa ar an Chlochán Liath, bhí dlíodóir in san teaghlaigh agus nár smaoinigh siad go ndéanfadh siad suas agus daoine nach raibh, raibh siopaí acu agus a bhí ag fáil earraí uathu, go gcuirfeadh siad síos daofa nach raibh díolta acu ar shon a gcuid earraí agus go raibh cuid mhór airgid acu le fáil uathu agus go nglacfadh siad anonn an áit. Ní seo an t-aon áit ar tharla seo, tharla seo síos fá Ailt an Chorráin fostá, cuireadh daoine amach as a gcuid áiteacha. Ach cuireadh suas na páipéis fá choinne an cheant thusa anseo, ba bean Phádraig 'ac Ruairí a chur suas iad, sin iníon Phadaí Bhrianaí Ruaidh, bhí sí pósta agus bhí beirt de theaghlaigh aicí agus chuir sise suas páipéar an cheant. Bhí an fear in Nua Shéalaínn agus bhí sise gheall ar a ghabháil go Nua Shéalaínn ach nár chur seisean rud beag airgid chuici as Nua Shéalaínn agus d'athraigh sí a hintinn ach nár chur sin an smaoineamh isteach in ceann na dlíodóirí agus ar an dream a raibh an siopa acu gur seo dóigh mhaith le iad a chur amach as an áit, ráit go raibh airgead acu le tabhairt daofa agus cuireadh sin ina aghaidh agus cuireadh amach as an áit iad agus ba beirt fhear as an taobh thall den bhaile a cheannaigh an áit. Níl a fhios caidé a thug siad air ach ní bhfuair an bhean a cuireadh amach as an áit, Bríd a bhí uirthise agus a dhá pháiste, ní bhfuair siadsan leathphingin ar shon na háite. Agus leoga bhí sé crua uirthise, ba sin thart fá 1884, cuireadh ise amach i mí Lúnasa, cuireadh amach í as an áit agus is é an dóigh ar bhfuair sí amach go raibh an áit glactha anonn ag an bheirt deartháir ar an taobh thall den bhaile, tháinig siad, lá gaothach a bhí ann in mí Iúil agus bhí siad ag cur súgáin ar an, trasna ar an teach, teach ceann tuí a bhí ann, agus tháinig Bríd amach agus cartann léithe

shúgáin, deir sí “ó fheara, ná bígí ag baint úsáid as bhur gcuid súgáin féin, tá súgáin anseo agamsa”. Deir fear acu léithe, “cuir tusa do chuid súgáin ar do theach féin, ní leatsa an teach seo níos mó, is linne an teach”. Agus ba sin an dóigh ar bhfuair sise amach go raibh an teach díolta gan a cead agus gan í ag fáil leathphingin ar a shon. Ach tháinig.

DÓNALL: An raibh Bríd ina aintín ag Máire an Chlochán Liath?

PADAÍ: Bhí sí ina deirfiúr aici.

DÓNALL: Ina deirfiúr.

PADAÍ: Bhí sí ina deirfiúr. Agus bhí dhá pháiste aicise. Bhí Máire a bhí aicise, ba sin Máire a bhí ar, an t-ainm a bhí ar mháthair an fhir a raibh sí pósta air agus tugadh Máire ar an chéad pháiste agus ansin Pádraig a bhí ar an darna duine. Tháinig Máire ar an tsaol ar an 15 Iúil 1881 agus tháinig Pádraig ar an tsaol ar 13 Márta 1883 agus ní raibh léithese ach dhá pháiste nach raibh mórán céille acu nuair a d’fhág sí Leitir Catha i mí Lúnasa agus rinne sí a bealach go Londain agus as sin go *Plymouth* go dtí go bhfuair sí an bád in *Plymouth*. Sheol sise ar bhád darbh ainm an *Derrick* agus ar 14 Lúnasa sheol an bád sin. Ach bhí rud beag ádh uirthi, bhí bean as thíos Min a Craobh leíthe, bhí béalra ag bean Mhín a Craobh ach ní raibh léann ar bith aici ach ní raibh léann nó béalra ag Bríd agus bhí sé crua uirthi imeacht i measc na stráinséir agus gan í ábalta labhairt nó ceisteanna a chur nó inse caidé a bhí dhíobháil uirthi ach rinne sí a mbealach, a bealach go, anonn agus shroich sí, thall ansin, i Nua Shéalaínn, ar 7 Samhain agus rinne sise a bealach suas go *Gisborne* festa agus chuaigh sí féin agus a fear a chónaí, tá pictiúr an tí agam a raibh siad ina gcónaí ann agus rinne siad gnóithe maith go leor. Fuair a fear, cheannaigh sé capall agus carr agus bhí sé ag tabhairt olann go dtí an stáisiún fá choinne cur ar shiúl ar an traen agus ansin chuaigh sé a thabhairt earraí tí, daoine a bhí ag fágáil a gcuid tithe agus ag gabháil go dtí áiteacha eile, chuaigh sé ag tabhairt an troic ó áit go dtí áit eile agus bhí sé ag gabháil ar aghaidh mar sin tamall ach bhí an obair ag éirí barraíocht ag an chapall amháin agus fuair sé capall eile agus fuair sé ceann eile agus chríochnaigh sé suas agus ocht gcapall aige agus bhí fir ag obair aige agus rinne sé gnóithí maithe suas go dtí tráthnóna amháin a bhí se ag teacht óna chuid oibre agus níl a fhios caidé a d’éisigh dó nó

caidé a tharla ach gur imigh ceann de na rothaí den charr nó caidé ach chuaigh sé ón bhealach mhór síos fríd choille agus bhí an fear a bhí ag obair aige, bhí seisean ag teacht giota maith ina dhiaidh ach ní raibh a fhios aige go raibh a dhath ar bith contráilte go dtí go dtáinig sé go dtí an *spot* seo ar dheachaigh na beithigh agus an carr ón bhealach agus ní rachadh na beithigh níos faide do agus bhí sé ag coimhéad, ní raibh se ábalta a dhath a fheiceáil agus bhí na beithigh ag coimhéad síos agus iad ag strachail na gcos ar an bhealach mhór agus tháinig sé anuas ón charr agus chuaigh sé síos. Nach raibh sé thíos ansin agus é i laige agus bhí na beithigh gan *it*, bhí na beithigh maith go leor ach bhí an carr briste agus bhí an chos in, cibé an dóigh ar tharla sé, bhí an chos chomh briste agus nach rabhthar ábalta í a shábháil. Chuaigh sí i bhfostú in sa rotha agus chaill sé an chos ach níor stop sin ón obair é. I ndiaidh tamall ama, chuaigh sé ag obair ar ais agus bhí saol fada aige. Bhí sé suas le ceithre scór go leith nuair a fuair sé bás agus bhí, bhí sláinte mhaith aige ach fuair a bhean bás nuair a bhí sise seachtó bliain d'aois, fuair sise bás. Agus bhí an teaghlaigh aige agus tá an teaghlaigh thart ansin go fóill, tá, bhuel, garpháistí thart.

PADAÍ: Agus an Pádraig seo a tógadh agus a tháinig ar an tsaol thuas anseo, bhí seisean ina ghasúr chrosta. Dá mbeadh a dhath de dhíobháil air, ní iarrfaidh sé ar chor ar bith é, ní raibh sé a dhath don té ar leis é an dtiocfadhl leis é a fháil, d'imeodh sé agus bhéarfadh sé leis é. Thiocfadhl sé ar ais agus déarfadh sé "ó, thug mise liom iasacht an *article* seo uait" agus bhí sin ag gabháil ar aghaidh, ní chuirí móran suim ann, thiocfadhl sé ar ais leis, ní raibh dochar mór ar bith a bhí sé a dhéanamh ach bhí sé an oíche seo agus nach rith sé amach as ola fá choinne an lampa agus tháinig fear de na comharsan isteach chuige agus dúirt sé leis "caidé atá contráilte nach bhfuil solas ar bith agat?" "Níl ola ar bith agam", a deir sé. "Ó tá a fhios agamanois" a dúirt sé "c'áit a bhfaighidh mé ola, tá ola thall i dteach an phobail" a dúirt sé. Rachaidh mé anonn go teach an phobail agus gheobhaidh mé an ola. D'imigh an bheirt acu anonn go teach an phobail agus bhí siad ag fáil na hola ach nach mhothaigh fear de na comharsan iad a bhí ag tarraingt ar an teach agus nach deachaigh seisean i bhfollach agus chuaigh seisean anonn ina ndiaidh. Bhí a fhios aige caidé a bhí siad ag gabháil a dhéanamh nó mhothaigh sé iad ag caint air agus níor, d'fhan seisean amuigh agus deir sé nuair a bhí siad ag fáil na hola "*thou shall not steal*".

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ: "Caidé a duirt tú?" a dúirt fear acu leis an fhear eile. "Ní dúirt mise a dhath ar bith, shíl me gur labhair tusa". "Níor labhair mise ar chor ar bith". Chuaigh siad leofa thar an bhalla. Le sin labhair an glór níos airde, caitheadh an ola uathu agus d'ímigh siad, na rith.

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ: Agus tháinig an fear ina ndiaidh go dtí an teach agus chuir sé ceist orthu caidé a bhí contráilte agus nach raibh an solas acu agus d'inis siad do agus d'inis siad do fá dtaobh de caidé a d'éirigh daofa thall ag teach an phobail agus "á" a dúirt sé, "nach bíodh scarú ar bith oraibh, mise a bhí ansin" a dúirt sé.

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ: "Mise, mise a rinne sin oraibh".

DÓNALL: Cleasaíocht.

PADAÍ: Agus, á, sin an sórt duine a bhí ann, dhéanfadh sé rudaí diabhálta agus ní raibh, ní raibh mórán dochar ann ach fuair seisean bás óg fost. Ach níor phós sé ariamh, bhí sé ag gabháil le cáilín agsu bhí sé le pósadh ach bhris siad suas agus pósadh ise ar dhuine inteacht eile agus níl a fhios agam caidé an réasún a bhí aige le dhul go dtí an teach lá amháin fá choinne '____', gnóithe inteacht a bhí aige agus tháinig sé ar ais, bhí traidhfíl páistí ann agus tháinig sé ar ais agus bhí sé ag caint le fear de na fir, dúirt sé "nach mise, ormsa a bhí an t-ádh go bhfuair mé ar shiúl uirthi sin, caidé an bhail a bheadh ormsa anois.

DÓNALL: (Gáire)

DÓNALL: A Phadaí, sin scéal ar dóigh ach tá píosa eile anois a ba mhaith liom thú a chur isteach ansin, Bríd, tá mé ag déanamh gur Bríd a chur mallacht nuair a díoladh an teach.

PADAÍ: Ó, sea, sin an bhean a cuireadh amach as an bhaile, amach as an teach.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ: Sea, cuireadh amach ise as an teach agus chuir sí mallacht ar an áit, nach dtógfáí ar feadh seacht glúin daoine agus an mhaidin a bhí sí ag imeacht thug sí cúpla pláta do mo mháthair mhórsa, bhí sí féin agus mo mháthair mhórsa pósta ar an dá cholceathar as an Oileán Treorach. Agus bhí siad mór lena chéile. Agus thug sí coinnleoirí daofa festa agus bhí na coinnleoirí anseo blianta agus bhí mé ag cur ceist ar dhuine, fuair, tá a fhios agam go bhfuair sí na coinnleoirí, fá dtaobh de, daofa agus "ó" a dúirt sí "níl a fhios agamsa caidé a d'éirigh daofa". Bhuel, b'fhéidir nach bhfuil a fhios nó ní raibh mórán suim acu in coinnleoirí.

DÓNALL: Ní raibh.

PADAÍ: Ní raibh siad mór in san am agus ní raibh a dhath le gnó orthu ach bhí siad ann. Agus cuireadh ise amach agus chuir sí an mhallacht ansin.

DÓNALL: Agus ar thit an mhallacht a Phadaí?

PADAÍ: Bhuel cha raibh aon duine dá dtáinig isteach ann, de chlann Uí Dhomhnaill seo a cheannaigh an áit, ní raibh siadsan i bhfad ann gur dhíol siad le dream as thoir an Chويرbhín iad. Agus tháinig siadsan, Mac Phadaín a bhí orthusan agus ní raibh siadsan i bhfad ann go dtí gur imigh siad. Tháinig, tháinig bean eile isteach ansin agus bhí siopa beag aicise, ní siopa ach monarcha beag aici agus bhí sí ag déanamh léinte agus bhí cúpla duine as an áit seo ag obair aici ach níor mhair sin i bhfad. Isibéal a bhí uirthi, b'éigean dithise fágaíl, ní raibh rudaí ag gabháil mar is cóir dithi. Agus ansin cheannaigh fear as thíos Béal na Cruit ansin é, Ó Domhnaill a bhí airsean festa agus ní rinne seisean maith ann ach oiread. B'éigean dósan fágáil. Ach an mhuintir dheireannach a tháinig ann,

Éamonn Pheadair Eoin, tháinig, bhí seisean agus phós sé, an bhean a bhí ann, fuair an fear sin bás agus bhí dhá pháiste aici leis an chéad fhear. Agus tháinig, bhí aithne agam ar a, fhear acu, bhí sé ina chónaí, ag obair in Albain agus sin an áit a bhfuair mise aithne air. Ní raibh a fhios agam cé é féin go dtí gur inis sé domh cé é féin. Agus phós sí eisean ansin, an darna fear, Éamonn Pheadair Eoin a bhí airsean agus bhí teaghlaigh ansin, bhí triúr gasúr ann agus beirt ghirseach. Fuair bean acu bás, an bhean dheireannach acu, de na girseacha, fuair sí bás, tá mé ag déanamh gur anuraidh a fuair sise bás agus tá fear de na stócaigh, Aodh, tá seisean ina chónaí in Sasain ach tá sé suas go maith in aois, creidim go mbeidh sé thar na ceithre scór ar scor ar bith nó tá cuimhne agam air a bheith thusa ansin, bhí mise ar an scoil agus ba ghnách linn a bheith istigh fríd an choirce. Ba ghnách leofa rudaí a chur in san am sin fríd an choirce a dtabhartaí ‘vechies’ air agus bhí siad maith le hithe agus bheadh muidinne ag teacht ón scoil, istigh agus muid a bhfáil seo, a n-ithe agus tháinig sé inár ndiaidh lá amháin agus an speal leis, bhí sé ag gabháil a chaitheadh na gcos dúinn agus chuir sé eagla orainn, stop muid ag gabháil isteach. Bhuel bhí muid ag déanamh níos mó dochar, ní an rud a bhí muid a thabhairt linn, ach ag *trampáil* an choirce síos.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ: Agus tá seisean beo go fóill. Fear eile acu, bhí sé ar na bádaí, am an chogaidh, sin an cogadh deireannach agus chuaigh an fharraige ar thine thart airm le hola agus dódh an ghruaig dena chloigeann. Dónall a bhí airsean. Agus tháinig sé slán as. Agus fuair sé bás, ó tá sé traidhfil maith blianta agus ansin fuair Cathal bás, bhí seisean in otharlann in Albain tamall maith. Agus sin an.

DÓNALL: Sin an scéal.

PADAÍ: Sin an, sin an teaghlaigh sin.

DÓNALL: Anois a Phadaí, tá scéal eile, ba mhaith liom, tá ár gcuid ama ag éirí gairid anois ach b'fhéidir go n-inseofá domh fan chorp a fuarthas amuigh ar an chnoc, inis domh fan fhear sin.

PADAÍ: Sé, bhuel, ba sin uncail Mháire an Chlochán Liath, bhí sé pósta ar bhean as thíos Cró na gCúigeadh, Cáit Dhubh a bheirtí uirthi, níl a fhios agam caidé an sloinneadh a bhí uirthi agus oibrí maith a bhí in Proinsias, thóg sé páirceanna thusas ansin agus chuir sé cláí thart orthu agus tá an claí sin thusas go fóill. Agus bhí sé cosúil leis na fir uilig go léir anseo, bhí sé ag gabháil anonn agus anall go hAlbain agus bhí sé i ndiaidh a phósta, tháinig a bhean a chónaí thusas ansin, is cosúil nach raibh rudaí ag gabháil mar is cóir daofa ach d'imir Proinsias siar go Mín na Marach, sin an darna baile airneáil, oíche amháin agus in am luí oíche, nuair a d'fhág sé thiar, tháinig, mhothaigh siad an caoineadh agus ní raibh a fhios acu caidé a bhí ag gabháil ar aghaidh go dtí gur dtáinig siad aniar giota an bealach mór agus nár aithin Proinsias gur a mháthair a bhí ag caoineadh. Agus rinne sé deifir go bhfeicfeadh sé caidé a bhí contráilte agus nuair a tháinig sé go dtí an teach bhí sí amuigh ag caoineadh agus ag scréadaigh, bhí deireadh an eallaigh tugtha ar shiúl ag an bhean a raibh Proinsias pósta uirthi, í féin agus a cuid deartháireacha. Agus ní tháinig siad ariamh ar ais, ní tháinig an t-eallach ariamh agus ní tháinig sé féin nó an bhean ariamh i gcionn a chéile agus bhí Proinsias ag gabháil anonn agus anall go hAlbain ach ar an bhealach as Albain do, amuigh os cionn Loch Achair, cnoc ansin, tháinig laigeacht air agus fuair sé bás ansin. Ach níl a fhios caidé siocair a bháis ach fuair sé bás ann agus bhí sé ansin tamall maith sular tháinig aon duine air nó ní bheadh siúl mórán ann ach nuair a bhí siad ag teacht as an Choimín agus b'fhéidir go raibh seisean rud beag ar shiúl ón chosán a bhí acu teacht as Albain agus ag teacht isteach as Leitir Ceanainn na háite seo ach sé fear as thusas an Choimín a fuair é. Bhí sé amuigh ag cruinniú, cuartú caoraigh. Ba sin an rud a dhéanadh sé, ní dhéanadh sé obair ar bith eile ach dá gcluineadh sé go raibh caora ná raithe ná ainmhí caillte ag duine bhí sé ar shiúl fríd an chnoc ag cuartú, cuartú leis ar fad agus an pháigh a bhí sé ag iarradh dá bhfaigheadh sé an chaora agus í beo, scilling. Agus baisteadh *Scilling* air, de chlann Uí Chanainn é, as thusas an Choimín, níl mé ag déanamh go bhfuil aon duine acu fágtha anois. Ach bhí seisean sa chnoc agus fuair sé an corp agus bhí sé go millte ag éanacha agus ag madaí rua agus nach rabhthar ábalta é a thabhairt na bhaile agus cuireadh ansin é agus tá uaigh Phroinsias ansin agus an mhuintir a ba ghnách le bheith ag gabháil amach i ndiaidh caoraigh ansin, bhuel, bhí sé de nós acu, bhéarfadh siad leofa cloch agus chaitheadh siad.

DÓNALL: Tá a fhios agam, carnán bheag.

PADAÍ: Aye agus bhí carnán beag cloch mullach uaigh Phroinsiais ach bhí mé ag cur seanchais fá dtaobh de agus tá sé suncáilte síos anois, ní mór nach go dtabharfaidh tú faoi deara anois é.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

PADAÍ: Agus ba sin an dóigh ar bhfuarthas Proinsias.

DÓNALL: Sea.

PADAÍ: Agus bhí deartháir aige agus bhí bothóg aigesan soir ansin cóngarach do Loch Achair agus bhí seisean ina chónaí thoir ansin ach tá dhá inse ar an scéal fá dtaobh dósan. Dúirt siad chuaigh sé siar na Chlochán Liath go dtí an muileann agus coirce leis go bhfuair sé millte an coirce, go bhfuair sé fá choinne brachán a dhéanamh do féin, min choirce, agus bhí sin coitianta go leor in san áit seo san am, bheirtí siar ar dhroim beithigh, ní raibh bealach mór rómhaith ann agus bheirtí ar dhroim an bheithigh mála an choirce siar na mhuilinn agus bheirtí millte aniar ansin é agus cibé a bhí fágtha den, den choirce, cálach nó cibé ainm a bheirtí air, bheirtí sin na bhaile fostá agus dhéantaí úsáid de sin. Ach bhí an min choirce, bhí sé maith go leor. Ach tráthnóna amháin fuarthas eisean marbh thusa ansin ar thaobh an chnoic agus bhí sé iontach gur bhfuair an bheirt acu bás amuigh in sna sléibhte, an dá dheartháir. Agus tá seisean curtha ar an Chlochán Liath ach níl a fhios agam cá háit a bhfuil an uaigh. Níl, ní chuirtí air ach crois adhmaid san am, ina dhiaidh sin a thosaigh a gcur tomba na gcloch air agus ní mhairfeadh an tadhmad ach seal agus thitfeadh sé agus lófad sé agus sa deireadh ní bheadh a fhios ag aon duine mura raibh duine inteacht den dream le ghabháil go dtí.

DÓNALL: *No*, tá a fhios agam.

PADAÍ: An uaigh.

DÓNALL: Buel, bhí scéal eile, bhí muid ag caint ar Oileán Treorach go minic ansin sa chomhrá a Phadaí *but* inis domh faoi chorp a fuarthas istigh ar an oileán uair amháin.

PADAÍ: Bhuel thart fá 1920 bhí Rialtas na Sasana i gceannas anseo in Éirinn agus bhí na pólíní ann agus bhí fear de mhuintir an oileáin, bhí seisean ag cur isteach díog ina chuid talaimh agus nach dtáinig sé ar an chorp seo ins an talamh agus ó shíl sé gur rud mó é agus d'imir sé ina rith suas go dtí gur inis sé daofa thuas ins na tithe caidé a fuair sé agus in áit a ráit leis go ndearna sé gnóithe maith chuaigh siad ag bagrú air "go síos ar ais agus déan sin a chlúdach".

DÓNALL: (Gáire)

PADAÍ: Nach dá dtiocfadh na pólíní gur fhéidir go gcuirtí síos do gurb eisean é féin a mharaigh í. Bhuel, ní chuirtí síos do nó bhí sí marbh le blianta agus ní raibh a fhios ag aon duine de mhuintir an oileáin go raibh a leithéid ann. Bhí culaith cniotálte uirthi, culaith fhada agus bhí cnaipí adhmaid ar an chulaith agus tá thuas fá *Ardara* nó thart ins an áit sin, fuarthas corp fir agus bhí culaith den chineál chéanna, culaith cniotálte air agus bhí cnaipí adhmaid air. Agus, *but* tógadh an corp sin agus fuarthas amach go raibh sé sa talamh 200 bliain. Ach tá an, ba mhaith liomsa í a fháil tógtha ach dúradh liom nuair nach ndéan sí dochar ar bith go dtí, anois, nach raibh sí ag gabháil a dhéanamh dochar, neamhiontas a dhéanamh dithi.

DÓNALL: Cuireadh ansin.

PADAÍ: Tá, tá sí fágtha ansin ar fad. Agus ní thógfar anois í nó tá moll clocha móra caite ag fear de mhuintir an oileáin, tá sé caite trasna ansin, chaith sé amach as an talamh é, níor shíl seisean mórán den chorp a bhí curtha ansin. Bhuel, tá rud beag a d'fhág mé amuigh as, nuair a bhí mé ag caint ar Phadaí Bhrianaí Ruaidh agus bhí sé ag fáil a chuid earraí as an Chlochán Liath, ní raibh bealach ar bith aníos go dtí an teach aige agus é féin a rinne cobhsa a bhéarfadh capall agus carr aniar go dtí an teach aige agus bhéarfadh na seandaoine air, ceann an chobhsa a bheirtí, a bhéarfadh siad air agus cobhsa Phadaí Bhrianaí Ruaidh a bhí sé ainmnithe as. Tá rud beag cóiriú anois air, tá sé rud beag níos

leithne agus bhuel tá craiceann rud beag níos fearr air ach níl sé maith go fóill ach ba Padaí Bhrianaí Ruaidh a rinne é, an bealach óna theach siar go dtí ceann an bhealaigh. Bhí bealach níos fearr thiar ansin.

DÓNALL: Agus baisteadh an t-ainm air?

PADAÍ: Baisteadh cobhsa Phadaí Bhrianaí Ruaidh air.

DÓNALL: Bhuel, anois a Phadaí, go raibh míle maith agat ar son do chuid ama.

PADAÍ: Bhuel, tá sin i gceart, tá sin i gceart.

DÓNALL: Maith tú.